2024/478

22.2.2024

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 276/2021

an 24 Meán Fómhair 2021

lena leasaítear Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/478]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2243 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena mbunaítear teimpléad le haghaidh achoimre ar an gconradh atá le húsáid ag soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí atá ar fáil go poiblí de bhun Threoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1], arna cheartú le IO L 16, 21.1.2020, lch. 40, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 5cz (Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE:

'5czsa. **32019 R 2243**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2243 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena mbunaítear teimpléad le haghaidh achoimre an chonartha atá le húsáid ag soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí atá ar fáil go poiblí de bhun Threoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, arna cheartú le IO L 16, 21.1.2020, lch. 40 (IO L 336, 30.12.2019, lch. 274).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, léifear forálacha an Rialacháin leis na hoiriúnaithe seo a leanas:

San Iarscríbhinn, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE:

(i) I gcuid A, cuirtear na focail 'Comhaontú LEE' in ionad na bhfocal 'Dlí an Aontais';

(ii) I gcuid B, tuigfear gur tagairtí do Chomhaontú LEE iad na tagairtí do dhlí an Aontais.'

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2243, arna cheartú le IO L 16, 21.1.2020, lch. 40, san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 25 Meán Fómhair 2021, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 275/2021 ó Chomhchoiste LEE an 24 Meán Fómhair 2021 [2], cibé acu is déanaí.

[1] IO L 336, 30.12.2019, lch. 274.

* Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.

[2] IO L 2024/479, 22.2.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dec/2024/479/oj.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Meán Fómhair 2021.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Rolf Einar FIFE